Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14702/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0377 (COD)**

**ENER 463**
**CODEC 1874**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15151/16 ENER 421 IA 136 CODEC 1817 +ADD 1; |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE<br>- Cur chuige ginearálta |

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí an cur chuige ginearálta maidir leis an togra thuasluaite, a formhuiníodh ag cruinniú Coreper ar an 16 Samhain 2017.

Léirítear na hathruithe a rinneadh ar théacs Coreper (13379/17) in Aithris 19, Airteagal 2.2(g) agus 13.1 mar thoradh ar an bplé a rinneadh in Coreper le ***cló trom liath iodálach a bhfuil líne faoi***.

Ní dhearnadh aon athrú ar chodanna eile den téacs. Níor athraíodh an mharcáil ach oiread: léirítear scriosadh le **[ ]**, téacs nua i gcomparáid leis an mbuntogra ón gCoimisiún le **cló trom**, téacs nua a cuireadh isteach sa dara hathbhreithniú (10692/1/17 REV 1) le **cló trom a bhfuil líne faoi**, téacs breise a cuireadh isteach tar éis an dara athbhreithniú le **cló trom liath a bhfuil líne faoi.**

Iarrtar ar an gComhairle an cur chuige ginearálta a ghlacadh mar mhír A ar bhonn an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Is éard a bheidh sa chur chuige ginearálta, sainordú na Comhairle don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i gcomhthéacs an Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh.

**IARSCRÍBHINN**

2016/0377 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá athrú ó bhonn ag teacht ar earnáil an leictreachais san Aontas, agus ar shaintréithe an athraithe sin tá margaí níos díláraithe ina bhfuil níos mó gníomhaithe, córais atá idirnasctha ar bhealach is fearr agus cion níos mó de fhuinneamh in-athnuaite. Dá bharr sin, is é is aidhm ag Treoir xxx / Rialachán xxx [*Tagairt don Treoir agus don Rialachán atá beartaithe maidir le leictreachas*] feabhas a chur ar an gcreat dlí lena rialaítear margadh inmheánach an leictreachais san Aontas, ionas go n-áiritheofar go bhfeidhmeoidh na margaí agus na líonraí ar bhealach optamach, ar mhaithe le gnólachtaí agus tomhaltóirí.

(2) Margaí agus córais a fheidhmíonn go maith, sin an ráthú is fearr ar chinnteacht an tsoláthair. Fiú agus na margaí agus na córais ag feidhmiú go maith, áfach, ní féidir an baol a chur as an áireamh go dtarlódh géarchéim leictreachais (de dheasca**tubaistí nádúrtha amhail** adhaimsire, ionsuithe mailíseacha nó ganntanas breosla). Is minic tionchar ag **géarchéim leictreachais** a sháraíonn na teorainneacha náisiúnta. Fiú nuair is teagmhas **leictreachais** áitiúil atá i gceist ar dtús, is féidir a éifeachtaí leitheadú go mear thar theorainneacha. Féadann anchúinsí áirithe, amhail tréimhse fhuar, tonn teasa nó cibear-ionsaí, cur as do réigiúin ina n-iomláine ag aon am amháin.

(3) **Tá na Ballstáit freagrach as cinnteacht an tsoláthair leictreachais laistigh dá gcríocha a áirithiú.** Toisc margaí agus córais an leictreachais a bheith idirnasctha, ní féidir breathnú ar chosc agus bainistiú géarchéimeanna **leictreachais** mar **chúram** atá go hiomlán náisiúnta. Tá gá le creat coiteann rialacha agus nósanna imeachta comhordaithe chun a áirithiú go gcomhoibreoidh na Ballstáit agus gníomhaithe eile go héifeachtach thar theorainneacha de mheon trédhearcachta agus dlúthpháirtíochta.

(4) **Bunaíodh [ ]** le Treoir 2005/89/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] na bearta riachtanacha ba cheart do na Ballstáit a dhéanamh chun cinnteacht an tsoláthair leictreachais i gcoitinne a áirithiú. Tá reachtaíocht is déanaí curtha in ionad na mórchoda d'fhorálacha na Treorach sin, go háirithe maidir leis an gcaoi ar cheart margaí a eagrú chun a áirithiú go bhfuil leordhóthain acmhainne le fáil, maidir leis an gcaoi ar cheart d'oibreoirí córais tarchurtha comhoibriú chun cobhsaíocht chórais a ráthú[4] agus maidir leis an ngá a áirithiú go bhfuil bonneagar iomchuí faoi réir[5]. Is ar shaincheist na ngéarchéimeanna **leictreachais** in earnáil an leictreachais a chosc agus a bhainistiú atá an Rialachán seo dírithe.

(5) Comhdhéanann na treoirlínte oibríochta[6] córais agus an cód líonra maidir le héigeandálaí agus athbhunú[7] sraith rialacha mionsonraithe lena rialaítear an chaoi ar cheart d'oibreoirí córais tarchurtha agus do **[ ] gheallsealbhóirí** ábhartha eile gníomhú agus comhoibriú chun cinnteacht an chórais a áirithiú. Ba cheart go n-áiritheodh na rialacha teicniúla sin go ndéileálfaí go héifeachtach ar an leibhéal oibríochta le formhór na dteagmhas leictreachais. Tá an Rialachán seo dírithe ar ghéarchéimeanna leictreachais a bhféadfadh scála agus tionchar ní ba mhó a bheith ag baint leo. Leagtar amach ann an méid ba cheart do na Ballstáit a dhéanamh chun géarchéimeanna dá leithéidí a chosc agus na bearta ab fhéidir leo a dhéanamh sa chás nár leor na rialacha oibríochta córais, astu féin, a thuilleadh. Mar sin féin, ba cheart cloí go hiomlán leis na rialacha oibríochta córais, fiú le linn géarchéimeanna **leictreachais**.

---

[3] Treoir 2005/89/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le bearta chun cinnteacht an tsoláthair leictreachais a choimirciú agus infheistiú i mbonneagar (IO L 33, 4.2.2006, lch. 22).

[4] Tagairt don Tríú Pacáiste athbhreithnithe

[5] Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair tras-Eorpaigh fuinnimh (IO L 115, 24.4.2013, lch. 39).

[6] Rialachán (AE) .../... ón gCoimisiún an XXX lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais, IO [...]

[7] Rialachán (AE) .../... ón gCoimisiún an XXX lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí agus athbhunú, IO [...].

**(5a)** **In Airteagal 77 den treoirlíne oibríochta córais, bunaítear próiseas trína ndéanann oibreoirí córais tarchurtha do réigiún ríomha acmhainne cúraimí a tharmligean chuig na comhordaitheoirí slándála réigiúnacha. Fágann sin gur féidir comhordú réigiúnach a dhéanamh maidir le slándáil oibríochta agus ba cheart í a úsáid chun réigiúin le haghaidh comhordú a shainiú faoin Rialachán seo. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit a chomhroinneann na comhordaitheoirí slándála réigiúnach foghrúpaí de na Ballstáit atá páirteach sa réigiún ríomha acmhainne céanna a bhunú. Ba cheart an cur chuige seo a fhorbairt leis an sainmhíniú ar 'réigiún' sa Rialachán seo.**

(6) Sa Rialachán seo, leagtar amach creat coiteann rialacha maidir le conas géarchéimeanna leictreachais a chosc, a bhainistiú agus conas ullmhú faoina gcoinne, tugtar isteach níos mó trédhearcachta i gcéim an ullmhúcháin agus linn géarchéim leictreachais **[ ]**. Éilíonn sé ar na Ballstáit comhoibriú **[ ]**, de mheon dlúthpháirtíochta. Leagtar amach ann freisin creat le haghaidh faireachán éifeachtach ar chinnteacht an tsoláthair san Eoraip trí bhíthin an Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais. Ba cheart breis ullmhachta do rioscaí, ar chostas is lú, a beith mar thoradh air sin. Ina theannta sin, ba cheart an margadh inmheánach a neartú leis **an rialachán seo**, tríd an trust agus an mhuinín i measc na mBallstát a fheabhsú agus trí chosc a chur ar idirghabhálacha mí-oiriúnacha stáit le linn géarchéimeanna **leictreachais**, go háirithe lena sheachaint go gcuirfí srianta míchuí le sreabhadh trasteorann.

(7) Cuirtear rialacha ginearálta ar fáil sa Treoir maidir le slándáil líonraí agus córas faisnéise (an Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise)[8], agus déanfar rialacha sonracha maidir leis an gcibearshlándáil a fhorbairt trí chód líonra dá bhforáiltear i [an Rialachán maidir le leictreachas atá beartaithe]. Comhlánú é an Rialachán seo ar an Treoir maidir leis an gCibearshlándáil toisc go n-áiritheoidh sé go ndéanfar cibeartheagmhais a shainaithint go cuí mar rioscaí, agus go mbeidh na bearta a dhéanfar chun déileáil leo léirithe go cuí sna pleananna ullmhachta do rioscaí.

8 Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cinnteachta do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1-30).

(8) Leagtar síos i dTreoir 2008/114/CE[9] ón gComhairle próiseas arb é is aidhm leis feabhas a chur ar chinnteacht bonneagair ainmnithe ríthábhachtaigh Eorpaigh, lena n-áirítear codanna áirithe den bhonneagar leictreachais, san Aontas. Cuidíonn Treoir 2008/114/CE agus an Rialachán seo, i dteannta a chéile, le cur chuige cuimsitheach a chruthú i leith chinnteacht fuinnimh an Aontais.

(9) I dTreoir Uimh 1313/2013/AE[10] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta leagtar amach ceanglais ar na Ballstáit measúnuithe riosca a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal fonáisiúnta iomchuí gach trí bliana, agus an phleanáil maidir le bainistiú rioscaí tubaiste a fhorbairt agus a bheachtú. Ba cheart na gníomhaíochtaí sonracha sa Rialachán seo le haghaidh cosc ar rioscaí, ullmhacht do rioscaí agus pleanáil do rioscaí, ba cheart iad a bheith comhleanúnach leis na measúnuithe riosca níos leithne ar ilghuaiseacha a cheanglaítear faoi Threoir Uimh. 1313/2013/AE.

(10) Chun cosc ar ghéarchéimeanna leictreachais, malartú faisnéise fúthu agus meastóireacht ex post orthu a éascú, ba cheart do na Ballstáit aon údarás inniúil amháin a ainmniú ina phointe teagmhála. Féadfaidh an t-eintiteas sin a bheith ann cheana féin nó bheith nua.

**(10a) Ionas go mbeidh cur chuige comhchoiteann i ndáil le cosc agus bainistiú géarchéime leictreachais is gá an tuiscint chéanna idir Ballstáit i gcás ina dtarlaíonn géarchéime leictreachais. Ba cheart go háirithe an rialachán seo a bheith ina chúnamh chun sainiú staide géarchéime leictreachais a chomhordú mar staid gur féidir ganntanas suntasach leictreachais a bheith ann nó nach féidir leictreachas a sheachadadh, bíodh an staid sin ann nó ar tí a bheith ann. [ ]**

[9] Treoir 2008/114/CE an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair ríthábhachtacha Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

[10] Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 24).

(11) Ar mhaithe le cur chuige coiteann maidir le cosc agus bainistiú géarchéimeanna **leictreachais** is gá, thar aon ní eile, go n-úsáidfidh na Ballstáit na modhanna agus na sainmhínithe céanna chun na rioscaí a shainaithint a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair leictreachais agus go mbeidh siad in ann comparáid **éifeachtach** a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht sa réimse sin i dtaca lena gcomharsana. Sainaithnítear sa Rialachán **seo** dhá tháscaire le haghaidh faireachán a dhéanamh ar chinnteacht an tsoláthair leictreachais san Aontas: 'fuinneamh a rabhthas ag leis ach nár seachadadh' (EENS), arna shloinneadh in GWh/bliain, agus 'ionchas caillte lóid' (LOLE), arna shloinneadh in uaireanta/bliain. Cuid is ea na táscairí sin den mheasúnú Eorpach ar leordhóthanacht acmhainní, measúnú a rinne an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E) de bhun [Airteagal 19 den Rialachán maidir le leictreachas atá beartaithe]. **[ ] Ba cheart** don Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais faireachán tráthrialta a dhéanamh ar chinnteacht an tsoláthair bunaithe ar thorthaí na dtáscairí sin. Ba cheart don Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (**an** Ghníomhaireacht) na táscairí sin a úsáid freisin agus tuairisc á tabhairt aici ar fheidhmíocht na mBallstát i réimse na cinnteachta soláthair ina […] tuarascáil bhliantúil faireacháin ar mhargaí leictreachais, de bhun [*Airteagal 16 de Rialachán ACER atá beartaithe*].

(12) Chun a áirithiú gur comhleanúnach na measúnuithe riosca a chothóidh muinín i measc na mBallstát le linn géarchéim **leictreachais**, tá gá le cur chuige comhchoiteann maidir le cásanna riosca a shainaithint. Dá bhrí sin, ba cheart do ENTSO-E modheolaíocht chomhchoiteann a fhorbairt maidir le sainaithint riosca, agus é sin i gcomhar leis an nGníomhaireacht; ENTSO-E a mholfaidh an mhodheolaíocht agus an Ghníomhaireacht a fhaomhfaidh í.

(13) Ar bhonn na modheolaíochta comónta **sin**, is ceart do ENTSO-E cásanna géarchéime réigiúnacha a ullmhú agus a nuashonrú agus na rioscaí is ábhartha, lena n-áirítear adhaimsir, tubaistí nádúrtha, ganntanas breosla nó ionsaithe mailíseach, a shainaithint i gcás gach réigiúin. Agus meas á dhéanamh ar chás géarchéime – abair ganntanas gáis – is ceart riosca ar nós shuaitheadh an tsoláthair gháis a mheasúnú bunaithe ar na cásanna suaite bonneagair a d'fhorbair an Líonra Eorpach um Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis **(ENTSOG)** de bhun Airteagal 6.6 den Rialachán maidir le Cinnteacht an tSoláthair Gáis [an Rialachán atá beartaithe maidir le Cinnteacht an tSoláthair Gáis]. Is ceart do na Ballstáit na cásanna géarchéime náisiúnta a bhunú agus a nuashonrú ar an mbonn [ ] **sin**, i bprionsabal, gach **[ ] ceithre** bliana. Is ceart go mbeadh na teagmhais sin ina mbunús leis na pleananna riosca-ullmhachta. Agus rioscaí ar an leibhéal náisiúnta á sainaithint acu, is ceart do na Ballstáit cur síos a dhéanamh freisin ar aon riosca féideartha is léir dóibh féin i dtaca le húinéireacht an bhonneagair sin is ábhartha do chinnteacht an tsoláthair **leictreachais**, agus na bearta féideartha a glacadh, má glacadh a leithéidí, chun dul i ngleic le rioscaí den chineál sin (amhail dlíthe ginearálta nó earnáil-sonracha chun infheistíochtaí a scagadh, cearta speisialta do scairshealbhóirí áirithe, etc.), mar aon leis an gcúis, dar leo, a bhfuil gá leis na bearta sin.

(14) Is le cur chuige réigiúnach maidir le riosca-theagmhais a shainaithint agus bearta coisctheacha, **ullmhúcháin** agus maolúcháin a fhorbairt is féidir iarrachtaí a chomhordú, comhordú a dtiocfaidh tairbhí móra de i dtéarmaí éifeachtacht na mbeart agus barrfheabhas a bhaint as acmhainní. Ina theannta sin, i gcás géarchéim **[ ]** chomhuaineach, áiritheofar freagairt chomhsheasmhach ach chur chuige comhordaithe agus comhaontaithe a bheith ann roimh ré, agus maolófar an baol go mbeidh éifeachtaí diúltacha trasteorann ar na Ballstáit chomharsanachta ag aon bheart nár glacadh ach ar bhonn náisiúnta. Éilítear, dá réir sin, leis an Rialachán seo, an comhar i measc na mBallstát ar an leibhéal réigiúnach.

(15) **[ ]**

(16) Leagtar síos sa [*Rialachán atá beartaithe maidir le leictreachas*] go n-úsáidfear modheolaíocht chomónta don mheasúnú meán- agus fadtéarmach Eorpach ar leordhóthanacht acmhainní (ó 10 mbliana chun cinn go haon bhliain amháin chun cinn) d'fhonn a áirithiú gur ar bhonn trédhearcach agus comhaontaithe a dhéanfaidh na Ballstáit Cinneadh maidir le riachtanais fhéideartha infheistíochta. Ní hionann cuspóir don mheasúnú sin agus do na measúnuithe ar an leordhóthanacht ghearrthéarmach a úsáidtear chun fadhbanna féideartha a bhaineann leis an leordhóthanacht a bhrath in achar ama gearr, mar atá réamhaisnéisí séasúracha (sé mhí chun cinn) agus measúnuithe ar an leordhóthanacht don tseachtain dár gcionn agus ar an leordhóthanacht ionlae. Maidir le measúnuithe gearrthéarmacha, teastaíonn cur chuige comónta i ndáil leis an gcaoi a ndéantar fadhbanna a bhaineann leis an leordhóthanacht a bhrath. Tá faoi ENTSO-E réamhaisnéis gheimhridh agus samhraidh a eisiúint chun na Ballstáit agus oibreoirí córais tarchurtha a chur ar a n-airdeall maidir le rioscaí (a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair) ab fhéidir dóibh tarlú sna sé mhí dár gcionn. Mar fheabhas ar na réamhaisnéisí sin, is ceart iad a bhunú ar mhodheolaíocht dhóchúlaíoch chomónta arna moladh ag ENTSO-E agus arna formheas ag an nGníomhaireacht. **[ ]**

(17) Is ceart gurb í an mhodheolaíocht a úsáidtear chun na réamhaisnéisí séasúracha a ullmhú a chuirfidh oibreoirí córais tarchurtha [ ] i bhfeidhm agus aon chineál measúnachta gearrthéarmach eile ar siúl acu, mar atá na réamhaisnéisí maidir le leordhóthanacht giniúna don tseachtain dár gcionn**, lá dár gcionn ar a laghad [ ]** agus don leordhóthanacht ionlae dá bhforáiltear sa Rialachán ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais.

(18) D'fhonn cur chuige comhchoiteann a áirithiú maidir le cosc agus bainistiú géarchéime, ba ceart don údarás inniúil i ngach Ballstát plean riosca-ullmhachta a tharraingt suas, tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí **ábhartha** **agus ba cheart freisin grúpa de gheallsealbhóirí ionadaíocha a chumhdach leis an bplean sin agus d'fhéadfaadh sé go n-áireofaí na comhlachais faoi seach leis.** Is ceart bearta atá éifeachtach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach a leagan amach sna pleananna sin chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna géarchéime ar fad a sainaithníodh. Is ceart go dtiocfadh de na pleananna sin an trédhearcacht, go háirithe i dtaca leis na dálaí inar féidir bearta neamh-mhargaidh a ghlacadh mar mhaolú ar chásanna géarchéime. Is ceart go mbeadh gach beart neamh-mhargaidh atá á bheartú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

(19) Is ceart dhá chuid a bheith sna pleananna sin, ina leagtar amach **sa chéad chuid** na bearta náisiúnta agus **sa dara cuid** na bearta réigiúnacha a comhaontaíodh i measc Bhallstáit an réigiúin. Is den riachtanas go mbeadh bearta réigiúnacha ann go mór mór má tharlaíonn géarchéim chomhuaineach óir áiritheofar freagairt chomhsheasmhach agus maolú ar an mbaol go dtarlóidh éifeachtaí diúltacha trasteorann ach cur chuige comhordaithe agus comhaontaithe a bheith ann roimh ré. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sna pleananna ***i measc na ndálaí náisiúnta ábhartha staid na réigiún is forimeallaí de réir bhrí Airteagal 349 CFAE agus roinnt córais leithlisithe bheaga a bhféadfadh sé nach bhfuil siad nasctha leis na córais tarchurtha náisiúnta; I ndáil leis sin, ba cheart do na Ballstáit na hiarmhairtí iomchuí a tharraingt maidir le, inter alia, forálacha an Rialacháin seo maidir le sainaithint na gcásanna géarchéime ar an leibhéal réigiúnach agus na bearta comhordaithe trasteorann comhaontaithe sna pleananna riosca-ullmhachta chomh maith le forálacha i ndáil le cabhair. Ba cheart a leagan amach sna pleananna*** go soiléir róil agus freagrachtaí na n-údarás inniúil. Is ceart go gcuirfí san áireamh go hiomlán sna bearta náisiúnta na bearta réigiúnacha a comhaontaíodh agus go mbainfí lánbhuntáiste as na deiseanna a eascraíonn as an gcomhar réigiúnach. Is ceart do na pleananna a bheith teicniúil agus oibríochtúil ó nádúr ar an ábhar gurb é is feidhm dóibh cosc a chur ar ghéarchéim nó ar fhorbairt géarchéime leictreachais agus a tionchar a mhaolú.

(20) Is ceart na pleananna a nuashonrú go rialta. Chun a áirithiú go bhfanann na pleananna éifeachtach agus cothrom le dáta, ba cheart d'údaráis inniúla **na mBallstát** i ngach réigiún cleachtaí **[ ] débhliantúla** a eagrú i gcomhar le **hOibreoirí Córais Tarchurtha** [ ] **agus geallsealbhóirí ábhartha eile d'fhonn** oiriúnacht na bpleananna a thástáil.

(21) **[ ] Is ceart do na teimpléid ullmhú**na bpleananna agus an comhairliúchán leis na Ballstáit eile sa réigiún ábhartha agus leis an nGrúpa Comhordaithe Leictreachais a éascú. Is ceart go n-áiritheodh an comhairliúchán laistigh den réigiún agus leis an nGrúpa Comhordaithe Leictreachais nach bhfágann aon bheart dá nglactar i mBallstát nó i réigiún ar leith cinnteacht an tsoláthair i mBallstát nó i réigiún eile i mbaol.

(22) Is den riachtanas go ndéanfaí faisnéis a mhalartú le linn géarchéime chun an ghníomhaíocht chomhordaithe agus cúnamh spriocdhírithe a áirithiú. Dá bhrí sin, leagtar síos leis an Rialachán seo nach mór **do na Ballstáit** na Ballstáit chomharsanachta agus an Coimisiún a chur ar an eolas **gan mhoill** má tharlaíonn géarchéim leictreachais. Ina theannta sin, is ceart **dóibh** faisnéis a thabhairt maidir leis na cúiseanna atá leis an ngéarchéim, leis na bearta a glacadh chun an ghéarchéim a mhaolú, agus leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith acu le cúnamh ó Bhallstáit eile. I gcás ina mbíonn níos mó i gceist leis an gcúnamh sin ná cinnteacht an tsoláthair leictreachais, is é an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta an creat dlíthiúil a mbeidh feidhm aige.

(23) Is den tábhacht go n-éascófaí an chumarsáid agus an fheasacht idir na Ballstáit aon uair a bheidh acu faisnéis shonrach, thromchúiseach agus iontaofa go bhfuil an baol ann gur féidir **[ ] géarchéim leictreachais [ ]** tarlú. Ina leithéid de chás, is ceart do na Ballstáit an Coimisiún **na Ballstáit chomharsanachta** agus an Grúpa Comhordaithe Leictreachais a chur ar an eolas **gan mhoill**, agus faisnéis a thabhairt, go háirithe faoi chúis an mheathlaithe, faoi na bearta atá á bpleanáil chun an ghéarchéim leictreachais a chosc agus **faoin** ngá a d'fhéadfadh a bheith acu le cúnamh ó Bhallstáit eile.

(24) I gcás ina dtarlaíonn géarchéim leictreachais, ba cheart do na Ballstáit **comhoibriú [ ]** de mheon dlúthpháirtíochta **[ ]**. **[ ] De bhreis ar an riail ghinearálta sin, [ ] ba cheart foráil iomchuí a dhéanamh ionas go mbeidh na Ballstáit in ann comhar a thairiscint dá chéile i ngéarchéim leictreachais.** Is ceart an comhar seo a bheith bunaithe ar na bearta réamhaontaithe a leagtar amach sna pleananna riosca-ullmhachta. *(aistríodh agus leasaíodh cuid d'aithris 24 thíos mar aithris 24a)* **Leis an Rialachán seo, fágtar rogha leathan do na Ballstáit agus comhaontú á dhéanamh maidir le hinneachar na mbeart comhordaithe agus, ar an gcaoi sin, maidir le hinneachar na cabhrach. Is faoi na Ballstáit atá sé bearta den sórt sin a shainaithint, agus a chomhaontú, agus taobh an éilimh agus taobh an tsoláthair á gcur san áireamh. Ag an am céanna, leis an Rialachán seo, áirithítear go seachadfar leictreachas ar bhealach comhordaithe chun críche an chúnaimh a comhaontaíodh. Tiocfaidh na Ballstáit ar chomhaontú maidir leis na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais a theastaíonn chun na bearta comhordaithe a chur chun feidhme. Ina dhiaidh sin, ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun na bearta comhordaithe a comhaontaíodh agus na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais a chur chun feidhme.**

**(24a)** (*Iar-chuid d'aithris 24*) Agus comhaontú á dhéanamh maidir le [ ] **bearta comhordaithe agus socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais agus forálacha eile cur chun feidhme maidir le cabhair**, ba cheart do na Ballstáit fachtóirí sóisialta agus eacnamaithe a chur san áireamh, lena n-áirítear slándáil na saoránach agus an chomhréireacht. Moltar dóibh an dea-chleachtas a roinnt le chéile agus an Grúpa Comhordaithe Leictreachais a úsáid mar phléfhóram chun na roghanna atá ar fáil i dtaca le **[ ]** **cabhair, go háirithe i ndáil le bearta comhordaithe** agus **na socruithe riachtanacha teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais**, lena n-áirítear cúiteamh **cothrom**, a shainaithint **[ ]**. Féadfaidh an Coimisiún ullmhú na mbeart comhordaithe réigiúnach sna réigiúin atá i gceist a éascú.

**(24b)** **Ba cheart cabhair idir na Ballstáit faoin Rialachán seo a bheith faoi réir cúiteamh cothrom eatarthu. Ní dhéanann an Rialachán seo gach gné den chúiteamh cothrom den sórt sin idir na Ballstáit a chomhchuibhiú. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, teacht ar chomhaontú maidir le forálacha le haghaidh cúiteamh cothrom sula gcuirtear cabhair ar fáil. An Ballstát a iarrann cúnamh, íocfaidh sé cúiteamh cóir, go pras, nó áiritheoidh sé go n-íocfar an cúiteamh sin go pras, leis an mBallstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht.**

**(24c)** **Agus cabhair á cur ar fáil faoin Rialachán seo, tá na Ballstáit ag cur dlí an Aontais chun feidhme agus, dá bhrí sin, tá siad faoi cheangal na cearta bunúsacha a ráthaítear le dlí an Aontais a urramú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na bearta sin, ag brath, *inter alia*, ar na bearta a comhaontaíodh idir na Ballstáit, a bheith ina gcúis le hoibleagáid a bheith ar Bhallstát cúiteamh a íoc leo siúd a ndéanann na bearta dá chuid difear dóibh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rialacha maidir le cúiteamh náisiúnta i bhfeidhm, ar rialacha iad atá i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe le cearta bunúsacha. Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú go seasann an Ballstát a fhaigheann dlúthpháirtíocht na costais réasúnacha go léir a thabhaítear ón oibleagáid réamhráite ar an mBallstát a sholáthraíonn dlúthpháirtíocht cúiteamh agus costais réasúnacha bhreise a thabhaítear ó íoc cúitimh a íoc de bhun na rialacha réamhráite maidir le cúiteamh náisiúnta.**

**(24d) I gcás ina dtarlóidh géarchéim leictreachais, ba cheart cúnamh a chur ar fáil fiú mura mbeidh bearta comhordaithe agus socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais comhaontaithe ag na Ballstáit, faoi mar a cheanglaítear le forálacha an Rialacháin seo maidir le cúnamh. Chun go mbeifear in ann cúnamh a chur ar fáil i gcás mar sin i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit bearta agus socruithe *ad hoc* a chomhaontú le cur in ionad na mbeart comhordaithe agus na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais atá in easnamh.**

**(24e) Tugtar sásra um chúnamh den chineál sin isteach leis an Rialachán seo, den chéad uair, idir na Ballstáit mar ionstraim chun géarchéim leictreachais san Aontas a chosc nó a mhaolú. Ba cheart don Choimisiún, mar sin, athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra um chúnamh i bhfianaise a dtitfidh amach sa todhchaí i ndáil le feidhmiú an tsásra agus, i gcás inarb iomchuí, modhnuithe a mholadh air.**

**(24f) Faoi láthair, is í an Chipir an t-aon Bhallstát san Aontas nach bhfuil idirnasctha go díreach le Ballstát eile. Ba cheart a shoiléiriú, i gcás forálacha áirithe a bhaineann leis an Rialachán seo, fad a mhairfidh an cás sin, nach mbeidh feidhm ag na forálacha sin i ndáil leis an gCipir, eadhon na forálacha maidir le cásanna géarchéime a shainaithint ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear maidir leis na bearta comhordaithe trasteorann atá comhaontaithe sna pleananna riosca-ullmhachta, chomh maith le forálacha maidir le cúnamh. Ag an am céanna, moltar don Chipir agus do Bhallstáit ábhartha eile, agus tacaíocht á fáil acu ón gCoimisiún, bearta agus nósanna imeachta malartacha a fhorbairt sna réimsí a chumhdaítear leis na forálacha sin, ar an gcoinníoll nach ndéanfar difear, leis na bearta agus na nósanna imeachta malartacha sin, do chur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo idir na Ballstáit eile.**

(25) Leis an Rialachán seo, is ceart go mbeadh gnóthais agus custaiméirí leictreachais – le linn géarchéim leictreachais – in ann brath ar shásraí an mhargaidh faoi mar a leagtar síos iad sa [*Treoir atá beartaithe maidir le leictreachas agus sa Rialachán atá beartaithe maidir le leictreachas]* a fhad is féidir sin. Is ceart cloí leis na rialacha lena rialaítear an margadh inmheánach agus na rialacha oibríochta córais, fiú le linn géarchéime. **Áirítear ar na rialacha sin Airteagal 22(1)(i) den treoirlíne oibríochta córais sin agus Airteagal 35 den chód líonra maidir le héigeandálaí agus athbhunú leictreachais lena rialaítear ciorrú idirbhirt, teorannú soláthair acmhainne traslimistéir i dtaca le hacmhainn leithdháileacháin nó teorannú soláthair sceideal.** Is éard a chiallaíonn an méid sin nach **féidir** [ ]bearta neamh-mhargaidh, amhail díscor éilimh éigeantach nó soláthar breise atá lasmuigh de ghnáthfheidhmíocht an mhargaidh, a úsáid ach mar rogha na péice, tráth nach leor feasta na féidearthachtaí uile **a chuirtear ar fáil leis an** margadh[ ]. Dá bhrí sin, ní ceadmhach díscor éilimh éigeantach a thabhairt isteach nó go mbeifear tar éis triail a bhaint as gach féidearthacht dá mbaineann le díscor soláthair aontaitheach. Ina theannta sin, is ceart go mbeadh gach beart neamh-mhargaidh a ghlactar riachtanach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus sealadach.

(26) Chun an trédhearcacht a áirithiú d'aithle géarchéim leictreachais, ba cheart **do gach údarás inniúil nó d'údaráis inniúla** na mBallstáit atá thíos leis an ngéarchéim meastóireacht ex post a dhéanamh ar an ngéarchéim gona hiarmhairtí. Is ceart go gcuirfí san áireamh sa mheastóireacht a dhéanfar, *inter alia*, éifeachtúlacht, comhréireacht, agus costas eacnamaíoch na mbeart a glacadh. Is ceart go gcuimseofaí freisin cúinsí trasteorann amhail tionchar na mbeart ar Bhallstáit eile agus leibhéal an chúnaimh a fuarthas uatha.

(27) De bhíthin na gceanglas trédhearcachta, is ceart go n-áiritheofaí go gcloíonn gach beart a ghlactar chun cásanna géarchéime a chosc nó a bhainistiú le rialacha an mhargaidh inmheánaigh agus go luíonn siad le prionsabail an chomhair agus na dlúthpháirtíochta is bun leis an Aontas Fuinnimh.

(28) Sa bhliain 2012, cruthaíodh an Grúpa Comhordaithe Leictreachais mar fhóram trína bhféadfaí faisnéis a mhalartú agus lena bhféadfaí an comhar a chur chun cinn i measc na mBallstát, go háirithe i dtaca le cinnteacht an tsoláthair **leictreachais**.[11] Leis an Rialachán seo, déantar a ról a threisiú. Is ceart dó cúraimí sonracha a dhéanamh, go háirithe i dtaca le hullmhú na bpleananna riosca-ullmhachta, agus **ba cheart** ról tábhachtach a bheith aige i dtaca le faireachán ar fheidhmíocht na mBallstát a mhéid a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair leictreachais agus le forbairt an dea-chleachtais ar an mbonn **sin**.

(29) D'fhéadfadh sé go ngabhfadh géarchéim thar teorainn amach a fhad le **Páirtithe Conarthacha** an Chomhphobail Fuinnimh [ ]. **Ba cheart don Aontas leasuithe ar na Conarthaí ábhartha a chur chun cinn agus é mar aidhm leo margadh comhtháite agus spás aonair rialála a chruthú trí chreat rialála iomchuí, cobhsaí a chur ar fáil.** Chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú éifeachtúil **[ ]**géarchéime, is ceart don Aontas dlúthchomhar a dhéanamh le Comhpháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus géarchéim leictreachais á cosc agus á bainistiú, agus é ag ullmhú faoina coinne.

(30) **[ ]**

(31) **Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit** **cuspóir an Rialacháin seo**, eadhon an riosca-ullmhacht is éifeachtaí agus is éifeachtúla a áirithiú laistigh den Aontas, **a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais,** féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta **mar** a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní bheidh sa Rialachán seo aon ní thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

---

[11] Cinneadh ón gCoimisiún, an 15 Samhain 2012, lena mbunaítear an Grúpa Comhordaithe Leictreachais (2012/C 353/02), IO C 353, 17.11.2012, lch. 2.

**(31a)** **Ba cheart don Choimisiún, do na húdaráis inniúla agus do na húdaráis rialála náisiúnta, do chomhlachtaí nó do dhaoine a fhaigheann faisnéis rúnda de bhun an Rialacháin seo, rúndacht na faisnéise a fhaigheann siad a áirithiú. Chuige sin, ba cheart don fhaisnéis a fhaigheann na Ballstáit agus a n-údaráis náisiúnta agus a bhíonn á láimhseáil acu a bheith faoi réir rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm a bhaineann le faisnéis agus próisis rúnda a láimhseáil.**

(32) Ba cheart Treoir 2005/89/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos sa Rialachán seo rialacha maidir le comhar na mBallstát i dtaca le géarchéimeanna leictreachais a chosc **agus ullmhúchán a dhéanamh chun na géarchéimeanna sin a bhainistiú, [ ]** de mheon dlúthpháirtíochta agus trédhearcachta agus ag féachaint go hiomlán do na riachtanais a bhíonn ag margadh iomaíoch inmheánach leictreachais.

Airteagal 2

**Sainmhínithe**

1. Chun críche an Rialacháin seo, is iad na sainmhínithe **a leagtar amach** in Airteagal 2 den Treoir maidir le leictreachas [an Treoir atá beartaithe maidir le leictreachas] agus **in** Airteagal 2 den Rialachán maidir le leictreachas [an Rialachán atá beartaithe maidir le leictreachas] is infheidhme.

2. Beidh feidhm freisin ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (a) ciallaíonn 'cinnteacht an tsoláthair leictreachais' an acmhainn atá ag córas leictreachais soláthar leictreachais **[ ]** a ráthú **do chustaiméirí** de réir leibhéal feidhmíochta **arna shainiú go soiléir ag na Ballstáit**;

   (b) ciallaíonn 'géarchéim leictreachais' staid ina bhfuil ganntanas suntasach leictreachais nó nach féidir leictreachas a **[ ] sholáthar** do **[ ] chustaiméirí,** bíodh an staid sin ann nó ar tí a bheith ann, **mar a sainmhíníonn na Ballstáit agus mar a thuairiscítear sna pleananna riosca-ullmhachta**;

(c) ciallaíonn 'géarchéim chomhuaineach' géarchéim leictreachais a chuireann as do níos mó na Ballstát amháin in éineacht;

(d) ciallaíonn '**comhordaitheoir** géarchéime' duine, nó grúpa daoine, **foireann ar a bhfuil bainisteoirí náisiúnta ábhartha géarchéime leictreachais** nó institiúid dar cúram gníomhú mar phointe teagmhála, agus a dhéanann comhordú ar an sreabhadh faisnéise le linn géarchéime;

(e) ciallaíonn 'beart neamh-mhargaidh' aon bheart a dhírítear ar an soláthar nó ar an éileamh agus nach gcloíonn le rialacha an mhargaidh nó le comhaontuithe tráchtála d'fhonn géarchéim leictreachais a mhaolú;

(f) ciallaíonn 'réigiún' grúpa Ballstát **a bhfuil an comhordaitheoir slándála réigiúnach** céanna **ag a n-oibreoirí córais tarchurtha, ar mhaithe le slándáil réigiúnach oibríochta arna cruthú de bhun** **na treoirlíne oibríochta córais** **a glacadh ar bhonn Airteagal 18 de Rialachán 714/2009, nó, foghrúpa de ghrúpa Ballstát a bhaineann leis an réigiún ríomha acmhainne céanna.** **[ ]**

**(g)** **leibhéal luathrabhaidh i gcás géarchéim leictreachais: nuair a fhaightear faisnéis nithiúil,** ***[ ]*** **iontaofa go bhféadfadh teagmhas tarlú ar dóigh dó a bheith ina chúis le meath suntasach ar staid an tsoláthair leictreachais agus ar dóigh go mbeidh géarchéim leictreachais mar thoradh air.**

*Airteagal 3*

**Údarás inniúil**

1. A luaithe is féidir, agus faoin *[OPOCE chun an dáta beacht a chur isteach:* **[ ] sé** *mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* ar a dhéanaí, ainmneoidh gach Ballstát údarás náisiúnta rialtais nó rialála ina údarás inniúil aige féin a mbeidh de chúram air na tascanna sin **[ ]** **dá bhforáiltear** sa Rialachán seo a dhéanamh. Comhoibreoidh údaráis inniúla lena chéile chun críocha an Rialacháin seo.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus an **Grúpa Comhordaithe Leictreachais** ar an eolas gan mhoill maidir le hainm agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil a luaithe a ainmneofar é.

**3. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt don údarás inniúil cúraimí oibríochtúla maidir le pleanáil riosca-ullmhachta agus bainistiú riosca a leagtar amach i gcaibidil I go caibidil V sa Rialachán seo a tharmligean do chomhlachtaí eile. Déanfar cúraimí tarmligthe faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil agus déanfar iad a shonrú sa phlean riosca-ullmhachta i gcomhréir le hAirteagal 11.**

# CAIBIDIL II

# MEASÚNÚ RIOSCA

*Airteagal 4*

**Measúnú ar na rioscaí do chinnteacht an tsoláthair leictreachais [ ]**

Áiritheoidh **an t-údarás inniúil i ngach** Ballstát go measúnaítear gach riosca **ábhartha** dá mbaineann le cinnteacht an tsoláthair leictreachais i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo agus i [ ] **gCaibidil IV** den Rialachán maidir le leictreachas [an Rialachán atá beartaithe maidir le leictreachas]. Chuige sin, comhoibreoidh siad **le hoibreoirí an chórais tarchuir agus le hoibreoirí ábhartha an chórais dáileacháin, le húdaráis náisiúnta rialála,** le ENTSO-E**, le comhordaitheoirí slándála réigiúnacha** agus **le geallsealbhóirí eile de réir mar is gá**.

*Airteagal 5*

**Modheolaíochtaí lena sainaithneofar cásanna géarchéime leictreachais ar leibhéal réigiúnach**

1. Faoi *[cuireadh OPOCE isteach an dáta ceart anseo:* **[ ] [ ] sé** *mhí tar éis theacht i bhfeidhm don Rialachán seo*], cuirfidh ENTSO-E faoi bhráid na Gníomhaireachta moladh le haghaidh modheolaíocht lena sainaithneofar na cásanna géarchéime leictreachais sin is ábhartha i gcomhthéacs réigiúnach.

2. **Ainmneofar leis an modheolaíocht a mholtar cásanna géarchéimeanna maidir le leordhóthanacht córais, cinnteacht an chórais agus cinnteacht breosla**[ ] ar bhonn na rioscaí seo a leanas ar a laghad:

   (g) guaiseacha nádúrtha idir annamh agus ainscianta;

   (h) guaiseacha taismeacha nach gcuimsítear faoi chritéir shlándála N-1, **agus teagmhais eisceachtúla;**

(i) guaiseacha iarmhartacha lena n-áirítear **<u>na hiarmhairtí a eascraíonn as ionsaithe mailíseacha agus</u>** ganntanas breosla;

**[ ]**.

3. Beidh na heilimintí seo a leanas, ar a laghad, sa mhodheolaíocht a mholfar:

(j) gach imthosca ábhartha náisiúnta agus réigiúnach a chur san áireamh;

(k) idirghníomhú agus comhghaolú na rioscaí lastall de theorainn;

(l) cleachtaí ar chásanna géarchéime comhuaineacha;

(m) rangú ar rioscaí **<u>de réir</u>** [] tionchair agus dóchúlachta**<u>;[...]</u>**

**(e) prionsabail maidir leis an mbealach chun déileáil le faisnéis íogair [ ] <u>agus, ag an am céanna, trédhearcacht a áirithiú don phobal</u>.**

**<u>3a</u>** *(roimh chuid de mhír 3)* I gcomhthéacs rioscaí a shainaithint de bhun **<u>phointe (c)</u>** de mhír 2**[ ]**, agus meas á dhéanamh ar an mbaol atá ann go suaithfí an **<u>soláthar</u>** gáis, is iad na cásanna suaite a bhaineann le soláthar agus bonneagar an gháis **<u>nádúrtha</u>**a d'fhorbair **<u>ENTSO-G</u>** de bhun Airteagal 7 **[]** den Rialachán maidir le Cinnteacht an tSoláthair Gáis [an Rialachán atá beartaithe maidir le Cinnteacht an tSoláthair Gáis], a úsáidfidh ENTSO-E.

4. Sula dtíolacfar an mhodheolaíocht atá á moladh, rachaidh ENTSO-E i mbun comhairliúcháin **[ ]** lena mbeidh baint ar a laghad ag na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tionscal agus ar thomhaltóirí, **ag [ ] <u>táirgeoirí nó a gcuid comhlachtaí trádála,</u>** ag oibreoirí an chórais **tarchuir agus** dáileacháin**, ag na húdaráis inniúla**, ag na húdaráis rialála náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta eile. Tabharfaidh ENTSO-E aird chuí ar thorthaí an chomhairliúcháin **agus déanfaidh sé na torthaí sin, mar aon leis an modheolaíocht atá á moladh, a chur faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais. [ ].**

5. Tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis di an mhodheolaíocht atá á moladh **a fháil [ ]**, déanfaidh an Ghníomhaireacht a bhfuil á mholadh a fhormheas nó a leasú. Sa chás deireanach sin, rachaidh sí i gcomhairle le ENTSO-E **agus leis na húdaráis inniúla** sula nglacfaidh sí an leagan leasaithe agus **tabharfaidh sí aird chuí ar thorthaí an chomhairliúcháin**. **Foilseofar leagan deiridh na modheolaíochta ar** láithreáin gréasáin **na Gníomhaireachta agus ENTSO-E**.

6. Déanfaidh ENTSO-E nuashonrú agus feabhsú ar an modheolaíocht go rialta **[ ] nuair a thagann faisnéis nua shuntasach chun cinn** i gcomhréir le mír 1 go mír 5. **Féadfaidh an Grúpa Comhordaithe Leictreachais a mholadh agus féadfaidh an Gh**níomhaireacht nó an Coimisiún a iarraidh go ndéanfaí a leithéid de nuashonrú agus d'fheabhsú agus bonn cirt léirithe ina leith. Tráth nach déanaí ná sé mhí ó thráth déanta na hiarrata, déanfaidh ENTSO-E dréacht de na hathruithe atá á moladh a thíolacadh don Ghníomhaireacht. Tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis di an dréacht **a fháil** [ ], déanfaidh an Ghníomhaireacht **[ ] a bhfuil á mholadh** a fhormheas **nó a leasú**. **Sa chás deireanach sin, rachaidh sí i gcomhairle le ENTSO-E, leis na húdaráis inniúla agus leis na húdaráis inniúla riálála sula nglacfaidh sí na hathruithe leasaithe agus tabharfaidh sí aird chuí ar thorthaí an chomhairliúcháin. Foilseofar an leagan deiridh [ ] ar** láithreáin gréasáin **ENTSO-E agus na Gníomhaireachta.**

*Airteagal 6*

**Cásanna géarchéime leictreachais a shainaithint ar leibhéal réigiúnach**

1. Faoi [cuireadh OPOCE isteach an dáta ceart anseo: **[ ] sé** mhí tar éis **fhormheas na modheolaíochta arna sainiú in Airteagal 5(5)** [ ] ] agus arna bhunú ar an modheolaíocht a glacadh de bhun Airteagal 5, déanfaidh ENTSO-E, **i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Comhordaithe Leictreachais, le comhordaitheoirí slándála réigiúnacha, le húdaráis inniúla agus le húdaráis rialála náisiúnta,** na cásanna géarchéime leictreachais is ábhartha dá mbaineann le gach réigiún a shainaithint. **[ ]**

2. Déanfaidh ENTSO-E na cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha a sainaithníodh **a thíolacadh do na hoibreoirí córais tarchurtha gáis, do na comhordaitheoirí slándála réigiúnacha, do na húdaráis inniúla agus do na húdaráis rialála náisiúnta atá ábhartha agus don** Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais **a fhéadfaidh leasuithe a mholadh [ ].**

3. Déanfaidh ENTSO-E na cásanna **géarchéime réigiúnacha** a nuashonrú gach **[ ] ceithre** bliana murab é go n-éilíonn dálaí na linne go ndéanfaí amhlaidh tráth is minice ná sin.

*Airteagal 7*

**Cásanna géarchéime leictreachais a shainaithint ar leibhéal náisiúnta**

1. Faoi **[ ] cheithre** mhí tar éis **cásanna géarchéime leictreachais a shainaithint ar leibhéal réigiúnach i gcomhréir le hAirteagal 6 [ ],** déanfaidh an t-údarás inniúil **ainmnithe[ ]** na cásanna géarchéime leictreachais is ábhartha ar an leibhéal náisiúnta a shainaithint.

**1a. Agus na cásanna náisiúnta géarchéime leictreachais á sainaithint ag an údarás inniúil, rachaidh sé i gcomhairle le hoibreoirí an chórais tarchuir agus le hoibreoirí ábhartha an chórais dáileacháin, le táirgeoirí ábhartha nó lena gcomhlachtaí trádála agus leis an údarás rialála náisiúnta, i gcás nach é an t-údarás inniúil é.**

2. Is ar bhonn na rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), den chuid is lú, a shainaithneofar na cásanna géarchéime sin, agus iad i gcomhréir leis na cásanna géarchéime réigiúnacha arna sainaithint de bhun Airteagal 6. Déanfaidh ENTSO-E nuashonrú ar na cásanna géarchéime gach **[ ] ceithre** bliana murab é go n-éilíonn dálaí na linne go ndéanfaí amhlaidh tráth is minice ná sin.

3. Faoi **[ ] <u>cheithre mhí tar éis cásanna géarchéime leictreachais ar an leibhéal réigiúnach a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 6,</u>** cuirfidh na Ballstáit an Grúpa Comhordaithe Leictreachais agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon riosca féideartha is léir dóibh féin i dtaca le húinéireacht an bhonneagair sin agus is ábhartha do chinnteacht an tsoláthair **<u>leictreachais</u>**, agus faoi aon bheart a glacadh chun na rioscaí sin a chosc nó a mhaolú, mar aon le heolas faoin gcúis a meastar na bearta sin a bheith riachtanach agus comhréireach.

*Airteagal 8*

**Modheolaíocht do mheasúnaithe ar an leordhóthanacht ghearrthéarmach**

1. Faoi [OPOCE chun an dáta beacht a chur isteach:**[ ] [ ] sé** mhí tar éis theacht i bhfeidhm don Rialachán seo], cuirfidh ENTSO-E faoi bhráid na Gníomhaireachta togra maidir le modheolaíocht lena measúnófar an leordhóthanacht **<u>shéasúrach agus</u>** ghearrthéarmach, eadhon [ ] go míosúil, an leordhóthanacht don tseachtain dár gcionn agus an leordhóthanacht **<u>don</u>** **<u>lá ina dhiaidh sin</u>**, ina gcuimseofar an méid seo a leanas, ar a laghad:

(n) neamhchinnteacht na n-aschur, mar atá – a dhóchúla go dtarlódh briseadh san acmhainn tarchurtha, a dhóchúla go dtarlódh briseadh gan choinne sna gléasraí cumhachta, adhaimsir, inathraitheacht an éilimh agus inathraitheacht an táirgthe as foinsí in-athnuaite fuinnimh;

(o) a dhóchúla go dtarlódh **[ ] géarchéim leictreachais**;

(p) a dhóchúla go dtarlódh géarchéim comhuaineach **<u>leictreachais</u>** **[ ]**.

**1a.** *(roimh chuid de mhír 1)* Beidh cur chuige dóchúlaíoch ina chuid den mhodheolaíocht sin**,** **lena n-áirítear iliomad cásanna**, agus cuirfear san áireamh inti an comhthéacs **náisiúnta**, réigiúnach agus comhthéacs an Aontais, lena n-áirítear tíortha nach baill den Aontas iad ach atá suite i limistéir shioncronacha den Aontas. **Cuirfear san áireamh, sa mhodheolaíocht, sainiúlachtaí earnáil fuinnimh gach Ballstáit ar leith, lena n-áirítear dálaí aimsire ar leith agus imthosca seachtracha.**

2. Sula dtíolacfar an mhodheolaíocht atá á moladh, rachaidh ENTSO-E i mbun comhairliúcháin [ ] lena mbeidh baint ar a laghad ag an tionscal agus ag tomhaltóirí, **[ ] ag táirgeoirí nó ag a gcuid comhlachtaí trádála, ag oibreoirí an chórais tarchuir agus** dáileacháin, **ag na húdaráis inniúla,** ag na húdaráis rialála náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta **ábhartha** eile. Tabharfaidh ENTSO-E aird chuí ar thorthaí an chomhairliúcháin **agus déanfaidh sé na torthaí sin, mar aon leis an modheolaíocht atá á moladh, a chur faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais chun go mbreithneofar orthu a thuilleadh [ ].**

3. Tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis di an mhodheolaíocht atá á moladh **a fháil [ ]**, déanfaidh an Ghníomhaireacht a bhfuil á mholadh a fhormheas nó a leasú. Sa chás deireanach sin, rachaidh sí i gcomhairle le ENTSO-E, leis **na húdaráis inniúla, leis na húdaráis inniúla riálála** sula nglacfaidh sí an leagan leasaithe **agus tabharfaidh sí aird chuí ar thorthaí an chomhairliúcháin. Foilseofar leagan deiridh na modheolaíochta ar [ ]** láithreáin gréasáin **na Gníomhaireachta agus ENTSO-E.**

4. Déanfaidh ENTSO-E nuashonrú agus feabhsú ar an modheolaíocht go rialta [ ] **nuair a thagann faisnéis nua shuntasach chun cinn** i gcomhréir le mír 1 go mír 3. Féadfaidh an **Grúpa Comhordaithe Leictreachais a mholadh agus** féadfaidh an Ghníomhaireacht nó an Coimisiún a iarraidh go ndéanfaí a leithéid de nuashonrú agus d'fheabhsú agus bonn cirt léirithe ina leith. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis dó an iarraidh **a fháil**, déanfaidh ENTSO-E dréacht de na hathruithe atá á moladh a thíolacadh don Ghníomhaireacht. Tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis di an dréacht **a fháil** [ ], déanfaidh an Ghníomhaireacht [ ] na hathruithe **atá á moladh** a fhormheas **nó a leasú**. **Sa chás deireanach sin, rachaidh sí i gcomhairle le ENTSO-E, leis na húdaráis inniúla riálála sula nglacfaidh sí na hathruithe leasaithe agus tabharfaidh sí aird chuí ar thorthaí an chomhairliúcháin. Foilseofar an leagan deiridh ar** láithreán gréasáin **na Gníomhaireachta agus ENTSO-E.**

*Airteagal 9*

**Measúnuithe ar an leordhóthanacht ghearrthéarmach**

1. Measúnuithe ar an leordhóthanacht ghearrthéarmach, **<u>cé acu a chuirfear i gcrích iad ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal an aontais</u>**, cuirfear i gcrích iad **<u>i gcomhréir leis [ ]</u>** an modheolaíocht sin a forbraíodh de bhun Airteagal 8.

2. Déanfaidh ENTSO-E réamhaisnéisí leordhóthanachta séasúracha de réir na modheolaíochta a forbraíodh de bhun Airteagal 8. Gach bliain, faoin 1 Nollaig ar a dhéanaí, foilseoidh sé na torthaí a bhaineann le réamhaisnéis an gheimhridh. Ní foláir dó réamhaisnéis an tsamhraidh a foilsiú faoin 1 Meitheamh gach bliain. **[ ]** Cuirfidh sé na réamhaisnéisí sin i láthair an Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais ionas go bhféadfaidh siadsan, más iomchuí, moltaí a dhéanamh bunaithe ar thorthaí na dtuartha.

3. Déanfaidh na **comhordaitheoirí slándála [ ]** réigiúnacha measúnuithe ar an leordhóthanacht don tseachtain dár gcionn agus **<u>don lá dar gcionn</u> [ ] mar a shainítear é i dtreoirlínte maidir le hoibriú an chórais** ar bhonn na modheolaíochta a glacadh de bhun Airteagal 8.

## CAIBIDIL III

## PLEANANNA RIOSCA-ULLMHACHTA

*Airteagal 10*

**Pleananna riosca-ullmhachta a bhunú**

1. Ar bhonn na gcásanna géarchéime réigiúnacha agus náisiúnta arna sainaithint de bhun Airteagal 6 agus 7, ní foláir d'údarás inniúil gach Ballstáit plean riosca-ullmhachta a bhunú, tar éis dóibh dul i gcomhairle le **hoibreoirí ábhartha an chórais dáileacháin, le hoibreoirí an chórais tarchuir, [ ] le táirgeoirí ábhartha nó lena gcomhlachtaí trádála, leis na gnóthais** leictreachais agus na gnóthais gáis **nádúrtha**, leis na heagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht thar ceann leasanna custaiméirí tionsclaíocha **agus neamhthionsclaíocha** leictreachtais, agus leis an údarás náisiúnta rialála (i gcás nach é an t-údarás inniúil freisin é). **[ ]**

2. Beidh bearta náisiúnta agus réigiúnacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 11 agus 12, ina gcuid den phlean sin. Gan dochar d'Airteagal 15, gach beart a phleanáiltear nó a ghlactar chun cásanna géarchéime leictreachais a chosc, a mhaolú nó chun ullmhú faoina gcoinne, beidh sé i gcomhréir iomlán leis na rialacha lena rialáiltear margadh inmheánach an leictreachais gona chóras oibríochta. Ní foláir do shainmhíniú na mbeart sin a bheith soiléir, agus dóibh féin a bheith trédhearcach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.

3. Forbrófar an plean i gcomhréir le **hinneachar agus le struchtúr Airteagal 11 agus Airteagal 12 [ ]**. **Féadfaidh** an Coimisiún **[ ] treoirlíne neamhcheangailteach a eisiúint maidir le formáidí do na pleananna sin. [ ]**

4. **D'fhonn comhsheasmhacht na bpleananna riosca-ullmhachta a áirithiú**, sula nglaca sé plean, cuirfidh an t-údarás inniúil dréacht de faoi bhráid údaráis inniúla Bhallstáit **ábhartha** eile an réigiúin **agus** faoi bhráid **na mBallstát sin a bhfuil nasc díreach acu i gcás nach bhfuil siad sa réigiún céanna [ ] [ ] agus faoi bhráid [ ]** an Ghrúpa Comhordaithe Leictreachas go dté siad i gcomhairle le chéile ina thaobh.

5. Tráth nach déanaí ná **[ ] sé** mhí **tar éis dóibh** an dréachtphlean **a fháil**, athbhreithneoidh údaráis inniúla na mBallstát sa réigiún, **na Ballstáit sin a bhfuil nasc díreach acu** agus an Grúpa Comhordaithe Leictreachais **[ ]** an dréachtphlean agus déanfaidh siad moltaí ina thaobh más mian leo sin.

6. Tráth nach déanaí ná **[ ] naoi** mí ó thíolacadh an phlean, déanfaidh **údarás inniúil an** Bhallstáit **lena mbaineann** [ ] an plean a ghlacadh, agus cuirfidh sé san áireamh go cuí torthaí an chomhairliúcháin maille leis na moltaí a rinne údaráis inniúla na mBallstát eile agus an Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais. Déanfaidh sé **[ ] fógra** faoin bplean a glacadh a thabhairt don **[ ] Choimisiún** gan mhoill.

7. Déanfaidh **údaráis inniúla na mBallstát agus an Coimisiún [ ]** na pleananna a fhoilsiú **ar a láithreáin gréasáin [ ]**, arna áirithiú dóibh nach sárófar an rúndacht a bhaineann le faisnéis íogair, go háirithe faisnéis faoi bhearta **a bhaineann le hiarmhairtí** ionsaithe mailíseacha a chosc agus a mhaolú. **Is bunaithe ar [ ] na prionsabail a chinnfear de bhun Airteagal 17a a bheidh cosaint na rúndachta a bhaineann le faisnéis íogair [ ].**

8. Déanfaidh **údaráis inniúla na** mBallstát an chéad phlean a ghlacadh agus a fhoilsiú faoi [cuireadh OPOCE isteach an dáta ceart anseo: dhá bhliain **go leith** tar éis theacht i bhfeidhm don Rialachán seo] ar a dhéanaí. Déanfaidh siad nuashonrú orthu gach **[ ] ceithre** bliana murab é go n-éilíonn dálaí na linne go ndéanfaí amhlaidh tráth is minice ná sin.

Airteagal *11*

**Inneachar na bpleananna riosca-ullmhachta i dtaca le bearta náisiúnta**

1. Leagfar amach i ngach plean gach beart a pleanáladh nó a glacadh chun cásanna géarchéime leictreachais a chosc, a mhaolú nó chun ullmhú faoina gcoinne arna shainaithint sin de bhun Airteagail 6 agus 7. Ba chóir dó ar a laghad:

(a) achoimre a bheith ann de na cásanna géarchéime leictreachais a sainíodh do na Ballstáit agus réigiún ábhartha, i gcomhréir leis an nós imeachta **a leagtar amach** in Airteagail 6 agus 7;

(b) róil agus freagrachtaí na n-údarás inniúil a bhunú **agus cur síos a dhéanamh ar na cúraimí sin, más ann dóibh, a tarmligeadh chuig comhlachtaí eile;**

(c) cur síos a thabhairt ar na bearta darb aidhm na rioscaí arna sainaithint de bhun Airteagail 6 agus 7 a chosc agus ullmhú faoina gcoinne;

(d) **[ ] comhordaitheoir** náisiúnta géarchéime nó foireann náisiúnta ghéarchéime a bhunú agus a gcuid cúraimí a shainiú;

(e) nósanna imeachta mionsonraithe a bhunú a leanfar le linn gach cás géarchéime leictreachais, lena n-áirítear na scéimeanna comhfhreagracha maidir le sreafaí faisnéise;

(f) rannchuidiú na mbeart margadh-bhunaithe a shainaithint, **go háirithe bearta atá dírithe ar an éileamh agus ar an soláthar**, agus cásanna géarchéime leictreachais á mbainistiú;

(g) bearta féideartha neamh-mhargaidh a shainaithint a chuirfear i bhfeidhm le linn cásanna géarchéime leictreachais, agus an tsiocair, na dálaí agus an nós imeachta lena gcur i bhfeidhm a shainiú, mar aon lena chur in iúl cé mar a chomhlíonann na bearta sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15 agus **bearta a chomhordaítear go réigiúnach**;

(h) **creat** a chur ar fáil **don [ ]** lódsceitheadh **de láimh**, **[ ]** lena léirítear **na himthosca [ ] faoina** sceithfear an lód **[ ]. Maidir leis an tsábháilteacht phoiblí agus an tslándáil phearsanta,** sonrófar sa chreat catagóirí na n-úsáideoirí leictreachais sin a bheidh **i dteideal, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta,** cosaint speisialta a fháil ar dhíscor, mar aon le bonn cirt leis an gcosaint sin**, [ ] agus sonrófar ann an chaoi ar cheart d'oibreoirí chóras tarchuir agus dáileacháin na mBallstát lena mbaineann gníomhú chun an tomhaltas a laghdú;**

(i) cur síos ar na sásraí atá in úsáid chun an pobal a chur ar an eolas maidir le géarchéim leictreachais.

**(j) faisnéis a áireamh maidir le pleananna gaolmhara is gá chun an eangach a bheidh ann amach anseo a fhorbairt lena gcuideofar le dul i ngleic leis na hiarmhairtí a bhaineann le cásanna géarchéime a shaineofar.**

2. Cuirfear san áireamh go hiomlán i ngach beart náisiúnta na bearta réigiúnacha a chomhaontaítear **i gcomhréir le [ ]** hAirteagal 12 agus **ní chuirfear slándáil oibríochtúil ná sábháilteacht an chórais tarchuir,** agus **ní chuirfear** cinnteacht sholáthar gáis na mBallstát eile nó an Aontais ina iomláine, i gcontúirt leo **[ ]**.

*Airteagal 12*

**Inneachar na bpleananna riosca-ullmhachta [ ] i dtaca le bearta comhordaithe trasteorann**

1. Anuas ar na bearta a liostaítear in Airteagal 11, beidh i bplean gach Ballstáit bearta réigiúnacha **agus, nuair a bheidh sé i bhfeidhm, bearta déthaobhacha** chun a áirithiú go ndéanfar géarchéimeanna a dtéann a n-iarmhairt thar teorainn amach a chosc agus a bhainistiú i gceart. **Déanfar bearta réigiúnacha a chomhaontú idir na Ballstáit laistigh den réigiún lena mbaineann. Déanfar bearta déthaobhacha a chomhaontú idir na Ballstáit atá idirnasctha go díreach ach nach bhfuil mar chuid den réigiún céanna.** Áireofar ar na bearta **réigiúnacha agus déthaobhacha [ ]** an méid seo a leanas ar a laghad:

(j) **comhordaitheoir nó foireann [ ] [ ]** a ainmniú **ar a mbeidh na bainisteoirí náisiúnta ábhartha géarchéime leictreachais**;

(k) sásra don chomhroinnt, don mhalartú eolais agus don chomhar **[ ]**;

(l) bearta **comhordaithe** chun tionchar **géarchéime leictreachais** a mhaolú, lena n-áirítear géarchéim chomhuaineach**, chun críocha cúnaimh dá dtagraítear in Airteagal 14; [ ]**

(m) nósanna imeachta chun tástálacha **bliantúla nó débhliantúla [ ]** a dhéanamh ar na pleananna.

**(e) truicearsheásraí beart neamh-mhargaidh a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 15.**

2. Is iad **[ ]** na Ballstáit **[ ]** lena mbaineann a chomhaontóidh na bearta réigiúnacha **agus déthaobhacha** a bheidh le háireamh sa phlean. **Féadfaidh ról éascaitheora [ ] a bheith ag an Coimisiún agus an comhaontú maidir le bearta réigiúnacha á ullmhú. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht agus ar ENTSO-E cúnamh teicniúil a chur ar fáil do na [ ] Ballstáit [ ] le gur fusa a bheidh sé teacht ar chomhaontú.** Tráth nach déanaí ná ocht mí tar éis an spriocdháta faoi nach mór an plean a ghlacadh nó a nuashonrú, cuirfidh na húdaráis inniúla tuarascáil maidir lenar comhaontaíodh ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais. Más rud é go mbíonn **aon [ ] Bhallstáit [ ]** ann nach bhfuil in ann teacht ar chomhaontú, cuirfidh **[ ] na húdaráis inniúla lena mbaineann** an Coimisiún ar an eolas i dtaobh chúis an easaontais sin. **Sa chás sin, molfaidh an Coimisiún bearta, lena n-áirítear sásra comhair chun [ ] go dtabharfar comhaontú i gcrích [ ] [ ] maidir le bearta trasteorann.**

3. **[ ]** I rannpháirt leis na geallsealbhóirí ábhartha, déanfaidh na húdaráis inniúla i ngach réigiún **tástáil, ó am go chéile, ar a éifeachtaí atá na nósanna imeachta a fhorbraítear i bpleananna riosca-ullmhachta chun cásanna géarchéime leictreachais a chosc, lena n-áirítear sásraí cumarsáide agus**cuirfidh siad cleachtaí géarchéime i gcrích **gach re bliain**, go háirithe tástáil ar na sásraí cumarsáide dá dtagraítear i bpointe (b) i mír 1.

**[ ]**

# CAIBIDIL IV

## GÉARCHÉIMEANNA LEICTREACHAIS A BHAINISTIÚ

*Airteagal 13*

**Luathrabhadh agus fógra géarchéime**

1. I gcás inar dócha – de bhun faisnéis shonrach, [ ] agus iontaofa arna léiriú ag réamhaisnéis shéasúrach leordhóthanachta nó ag foinse eile **cháilithe** – go bhfuil an baol ann **go dtarlódh [ ] géarchéim leictreachais [ ]** i gceann de na Ballstáit**, sa chás sin**, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit sin luathrabhadh ina thaobh gan aon ró-mhoill don Choimisiún, **d'údaráis inniúla [ ] na mBallstát laistigh den réigiún céanna agus do na Ballstáit a bhfuil nasc díreach acu leo.** [ ]. **Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais.** Tabharfaidh sé faisnéis maidir le cúis **na géarchéime ionchasaí leictreachais [ ]**, leis na bearta a glacadh nó atá pleanáilte chun an ghéarchéim leictreachais a chosc, agus leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith acu le cúnamh ó Bhallstáit eile. Áireofar leis an eolas sin iarmhairtí féideartha na mbeart ar mhargadh inmheánach an leictreachais **[ ].**

2. I gcás ina dtarlaíonn géarchéim leictreachais, fógróidh údarás inniúil an Bhallstáit, **i gcomhar le hoibreoir an chórais tarchuir lena mbaineann [ ]** go bhfuil sé ina ghéarchéim leictreachais agus cuirfidh sé na húdaráis inniúla **laistigh den réigiún céanna** agus údaráis inniúla na mBallstát comharsanach agus an Coimisiún ar an eolas fúithi gan aon mhoill mhíchuí. **Cuirfidh sé ar an eolas iad faoi chúiseanna an mheathlaithe agus faoi chúiseanna fógartha na géarchéime leictreachais, faoi na bearta a glacadh agus atá pleanáilte chun an ghéarchéim a mhaolú, agus faoin ngá a d'fhéadfadh a bheith ag an mBallstát le cúnamh ó Bhallstáit eile.**

3. I gcás ina meastar nach leor an fhaisnéis a chuirtear ar fáil, féadfaidh an Coimisiún, **[ ] an Grúpa Comhordaithe Leictreachais nó na Ballstáit lena mbaineann** a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann faisnéis bhreise a chur ar fáil.

4. I gcás ina n-eisíonn **údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann** luathrabhadh nó ina bhfógraíonn sé géarchéim leictreachais, ní foláir na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean riosca-ullmhachta a leanúint a lánoiread is féidir.

*Airteagal 14*

**Comhar agus cúnamh**

1. Gníomhóidh agus comhoibreoidh na Ballstáit de mheon dlúthpháirtíochta chun géarchéimeanna leictreachais a chosc agus a bhainistiú **[ ]**.

2. **Sa bhreis air sin**, i gcás **[ ]** inarb indéanta **go teicniúil**, tairgfidh na Ballstáit cúnamh dá chéile **trí bhearta comhordaithe a chomhaontófar de bhun an Airteagail seo agus de bhun Airteagal 12 sula gcuirfear an cúnamh ar fáil** **[ ]**.

**Chun na críche sin, agus súil acu ar an tsábháilteacht phoiblí agus an tsláندáil phearsanta a chosaint, tiocfaidh na Ballstáit ar chomhaontú maidir le bearta comhordaithe dá rogha féin d'fhonn leictreachas a sheachadadh ar bhealach comhordaithe.**

**[ ]**

**2a.** **Tiocfaidh na Ballstáit ar chomhaontú maidir leis na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais a theastaíonn chun na bearta comhordaithe a chur chun feidhme sula dtairgtear [ ] cúnamh. Leis na socruithe sin, leagfar amach, *inter alia*, na huaschainníochtaí leictreachais a bheidh le seachadadh ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal déthaobhach, an rud is siocair leis an gcúnamh agus an deis a iarraidh go ndéanfaí é a fhionraí, an chaoi a seachadfar an leictreachas, agus na forálacha maidir le cúiteamh cóir idir na Ballstáit i gcomhréir le míreanna 2b, 2c agus 3.**

**2b. Beidh an cúnamh faoi réir cúiteamh cóir a chomhaontaítear idir na Ballstáit sula dtáirgtear cúnamh. Cumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad sa chúiteamh sin:**

**(a) an leictreachas a sheachadtar chuig críoch an Bhallstáit a bhfuil cúnamh á iarraidh aige chomh maith leis na costais ghaolmhara tarchuir; agus**

**(b) costais réasúnta chúitimh a thabhaíonn an Ballstát a chuireann cúnamh ar fáil, lena n-áirítear a mbaineann le haisíocaíocht ar aon chúiteamh a eascraíonn as imeachtaí breithiúnacha, imeachtaí eadrána nó imeachtaí agus socraíochtaí comhchosúla.**

**2c. Ar chúiteamh cóir de bhun mhír 2(b), áireofar, *inter alia*, na costais réasúnta uile a thabhaíonn an Ballstát a thugann cúnamh mar thoradh ar oibleagáid cúiteamh a íoc de bhua cearta bunúsacha a ráthaítear le dlí an Aontais agus de bhua na n-oibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme agus forálacha an Rialacháin seo, maidir le cúnamh, á gcur chun feidhme, mar aon le costais bhreise réasúnta a thabhaítear mar thoradh ar chúiteamh á íoc de bhun rialacha náisiúnta cúitimh.**

**3. An Ballstát a iarrann cúnamh, íocfaidh sé cúiteamh cóir, go pras, nó áiritheoidh sé go n-íocfar an cúiteamh sin go pras, leis an mBallstát a sholáthraíonn an dlúthpháirtíocht.**

**4. Déanfaidh an Coimisiún, faoi [cuireadh OPOCE an dáta beacht isteach: sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis, foráil maidir le treoir, atá neamhcheangailteach ó thaobh dlí, do phríomhghnéithe an chúitimh chóir dá dtagraítear i mír 2a go mír 3 agus do phríomhghnéithe eile de na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais dá dtagraítear i mír 2a.**

**4a.** **I gcás ina dtarlaíonn géarchéim leictreachais agus nár tháinig na Ballstáit ar chomhaontú go fóill maidir le bearta comhordaithe agus madir le socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais de bhun an Airteagail seo, comhaontóidh na Ballstáit bearta agus socruithe *ad hoc* chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir le cúiteamh cóir de bhun mhír 2b, 2c agus 3.**

**4b.** **Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar forálacha an Rialacháin seo, maidir le cúnamh, a chur chun feidhme i gcomhréir leis na Conarthaí, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme. Déanfaidh siad na bearta is gá chuige sin.**

*Airteagal 15*

**Aird ar rialacha an mhargaidh**

1. Ní foláir do gach beart a ghlactar chun cásanna géarchéime leictreachais a chosc nó a mhaolú a bheith i gcomhréir leis na rialacha lena rialáiltear margadh inmheánach an leictreachais gona chóras oibríochta.

2. Ní **dhéanfar** **[ ]** bearta neamh-mhargaidh a chur i ngníomh tráth géarchéime **[ ]** ach amháin **mura mbeadh an dara rogha ann** agus tráth nach leor feasta féidearthachtaí uile an mhargaidh **nó nuair nach leor bearta margaidh ina n-aonar chun tuilleadh meathlaithe a chosc.** Ní foláir dóibh gan saobhadh míchuí a dhéanamh ar an iomaíochas ná ar fheidhmiú éifeachtach mhargadh an leictreachais. Ní foláir dóibh a bheith riachtanach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus sealadach.

3. Ní úsáidfear nósanna imeachta um chiorrú idirbhirt – lena n-áirítear ciorrú na hacmhainne traslimistéir sin atáthar tar éis a leithdháileadh cheana féin, teorannú soláthair acmhainne traslimistéir i dtaca le hacmhainn leithdháileacháin, nó teorannú soláthair sceideal – ach amháin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna **[ ] treoirlíne oibríochta córais agus an cód líonra maidir le héigeandálaí agus athbhunú leictreachais, arna nglacadh ar bhonn Airteagal 18 agus Airteagal 6 de Rialachán 714/2009 faoi seach[ ].**

# CAIBIDIL V

## MEASTÓIREACHT AGUS FAIREACHÁN

*Airteagal 16*

**Meastóireacht ex post**

1. A luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná **trí mhí** tar éis **deireadh a chur le** staid géarchéime leictreachais agus **tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis** an staid sin a fhógairt, déanfaidh an t-**údarás** inniúil nó na húdaráis **inniúla** lena mbaineann, i gcomhairle lena n-údarás náisiúnta rialála féin (i gcás nach é an t-údarás inniúil freisin é), tuarascáil mheastóireachta a thíolacadh don Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais agus don Choimisiún.

2. Beidh an méid seo a leanas, ar a laghad, sa tuarascáil:

   (n) cur síos ar an teagmhas ba shiocair leis an ngéarchéim **a dearbhaíodh nó an fáth a ndearnadh difear do Bhallstát mar thoradh ar an ngéarchéim**;

   (o) cur síos ar na bearta coisctheacha, ullmhúcháin agus maolúcháin a glacadh**, más ann dóibh,** mar aon le measúnú ar a gcomhréireacht agus a n-éifeachtacht;

   (p) measúnú ar thionchar trasteorann na mbeart a glacadh;

   (q) cur síos ar an gcúnamh a tugadh do Bhallstáit chomharsanacha agus do thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach nó ar an gcúnamh a fuarthas uatha;

(r) **a mhéid is féidir**, **[ ]** tionchar eacnamaíoch na géarchéime leictreachais agus tionchar na mbeart ar earnáil an leictreachais, go háirithe líon na dtoirteanna leictreachais nár seachadadh agus leibhéal an díscoir éilimh de láimh (lena n-áirítear comparáid idir leibhéal an díscoir éilimh aontaithigh agus an díscoir éilimh éigeantaigh);

(s) aon fheabhsuithe ab fhéidir nó ab áil a chur ar an bplean riosca-ullmhachta**;** [...]

**(g) feabhas ionchasach ar fhorbairt an eangaigh i gcásanna inar tharla an ghéarchéim toisc nár leor an fhorbairt a rinneadh ar an líonra nó inar chuir an fhorbairt neamhleor sin leis an ngéarchéim.**

3. I gcás ina gcinntear nach leor ar tugadh d'fhaisnéis sa tuarascáil, féadfaidh an Grúpa Comhordaithe Leictreachais agus an Coimisiún a iarraidh ar an **[ ]** **údarás inniúil** lena mbaineann faisnéis le cois a chur ar fáil.

4. Cuirfidh na húdaráis inniúla lena mbaineann torthaí na meastóireachta faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaithe Leictreachas.

*Airteagal 17*

**Faireachán [ ]**

1. I dteannta chur i gcrích na sainchúraimí eile a leagfar air de bhun an Rialacháin seo, ní foláir don Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais plé **[ ]** a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

(t) torthaí an phlean forbartha gréasáin 10 mbliana don leictreachas a d'ullmhaigh ENTSO-E;

(u) comhleanúnachas na bpleananna riosca-ullmhachta a ghlac na Ballstáit de réir an nóis imeachta dá dtagraítear in Airteagal 10;

(v) torthaí na measúnuithe Eorpacha um leordhóthanacht acmhainní a d'ullmhaigh ENTSO-E dá dtagraítear in *Airteagal 19 (3) den Rialachán maidir le leictreachas [an Rialachán atá beartaithe maidir le leictreachas];*

(w) feidhmíocht na mBallstát i dtaca le cinnteacht an tsoláthair agus na táscairí á dtabhairt san áireamh a ríomhadh sa mheasúnú Eorpach ar leordhóthanacht acmhainní, eadhon an fuinneamh a rabhthas ag súil leis ach nár seachadadh (EENS)[12] agus an t-ionchas caillte lóid (LOLE)[13];

(x) torthaí na réamhaisnéisí séasúracha sin dá dtagraítear in Airteagal 9;

(y) an fhaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit **i gcomhréir le [ ] h**Airteagal 7 (3);

(z) torthaí na dtuarascálacha meastóireachta ex post, dá dtagraítear in Airteagal 16.

**(h) an mhodheolaíocht chun an leordhóthanacht ghearrthéarmach a mheasúnú, dá dtagraítear in Airteagal 8.**

**(i) an mhodheolaíocht chun cásanna géarchéime leictreachais a shainaithint ar leibhéal réigiúnach dá dtagraítear in Airteagal 5.**

2. Féadfaidh an Grúpa Comhordaithe Leictreachais moltaí a eisiúint do na Ballstáit, **agus do ENTSO-E chomh maith**, maidir leis na hábhair dá dtagraítear i mír 1**[ ].**

**[ ]**

12 **Airteagal 19. 4 h den Rialachán atá beartaithe maidir le leictreachas**
13 **Airteagal 19. 4 h den Rialachán atá beartaithe maidir le leictreachas**

3. **Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán leanúnach ar bhearta maidir le cinnteacht an tsoláthair leictreachais agus tabharfaidh sí tuairisc go tráthrialta don Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais.**

4. **Ar bhonn an taithí a fuarthas faoin Rialachán seo, tiocfaidh an Coimisiún ar a thuairimí féin, faoin 1 Meán Fómhair 2025, maidir leis an gcur chuige a fhéadfar a úsáid chun cinnteacht an tsoláthair leictreachais a fheabhsú ar leibhéal an Aontais agus cuirfidh sé tuairisc faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear, más gá, tograí reachtacha a thabhairt chun an Rialachán seo a leasú.**

## Airteagal 17a
## Faisnéis rúnda a láimhseáil

1. **Aon nósanna imeachta a bhfuil baint ag na Ballstáit nó ag a n-údaráis inniúla leo dá dtagraítear sa Rialachán seo, cuirfidh siad chun feidhme iad i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, lena n-áirítear na rialacha náisiúnta a bhaineann le faisnéis agus próisis rúnda a láimhseáil. Más rud é, mar thoradh ar an méid sin, nach bhféadfar faisnéis a nochtadh, déanfaidh an Ballstát nó an t-údarás lena mbaineann, achoimre neamhrúnda uirthi, a chur ar fáil, más féidir, arna iarraidh sin dó.**

2. **Áiritheoidh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, an Grúpa Comhordaithe Leictreachais agus ENTSO-E go gcaomhnófar an rúndacht a bhaineann le faisnéis íogair.**

# CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 18*

**Comhar le Comhpháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh**

**I gcás ina** rachaidh na Ballstáit agus Comhpháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh i gcomhar le chéile **i réimse shlándáil an tsoláthair leictreachais, féadfar a áireamh, sa chomhar sin, staid ghéarchéime a shainiú**, an próiseas maidir le cásanna géarchéime leictreachais a shainaithint agus maidir le pleananna riosca-ullmhachta a bhunú ionas nach nglacfar aon bheart a chuirfeadh cinnteacht an tsoláthair chuig na Ballstáit, na Comhpháirtithe Conarthacha, nó chuig an Aontas i mbaol. Chuige sin, féadfaidh Comhpháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a bheith rannpháirteach sa Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais, ar cuireadh an Choimisiúin, maidir le gach ní is ábhar buartha dóibh.

**Airteagal 18a**

**Maolú**

**Nó go raibh an Chipir idirnasctha go díreach le Ballstát eile, ní bheidh feidhm ag Airteagal 6, Airteagal 12 agus Airteagal 14(2) go (4b) idir an Chipir agus Ballstáit eile ná maidir le ENTSO-E i ndáil leis an gCipir. Féadfaidh an Chipir agus Ballstáit ábhartha eile, agus tacaíocht á fáil acu ón gCoimisiún, bearta agus nósanna imeachta malartacha a fhorbairt taobh amuigh díobh siúd dá bhforáiltear in Airteagal 6, Airteagal 12 agus Airteagal 14(2) go (4b) sa mhéid is nach ndéanfar difear, leis na bearta agus na nósanna imeachta malartacha sin, do chur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo idir na Ballstáit eile.**

**[ ]**

*Airteagal 20*

**Aisghairm**

Aisghairtear Treoir 2005/89/CE.

*Airteagal 21*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |